



Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 - Scéim Teanga 2020-2023

CLÁR AN ÁBHAIR:

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra:	3
Caibidil 2: Forbhreathnú ar an NTA	4
Caibidil 3: Seirbhísí atá á Soláthar trí mheán an Bhéarla agus sa dá theanga.....	7
Caibidil 4: Soláthar Seirbhísí Gaeilge a fheabhsú	8
Caibidil 5: Soláthar Seirbhísí Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta a Fheabhsú	17
Caibidil 6: Feabhas a Chur ar Chumas Teanga	18
Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú	20
Caibidil 8: Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	20
Aguisín 1 – Próiseas Comhairliúcháin	21

CAIBIDIL 1: RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA:

1.1 Réamhrá

Déanann **Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003** foráil d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ina dtugtar sonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Déanfar na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar faoi láthair trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de thréimhse ama comhaontaithe.

De réir **alt 14(3)** den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus scéim teanga an Údaráis Náisiúnta Iompair á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirínte a d'éisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Anuas air sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara (féach Agusín 1).

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoi threoir an phrionsabail gur chóir go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an bunéileamh atá ar sheirbhísí ar leith trí mheán na Gaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach chun seirbhísí den sórt sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, acmhainní daonna agus airgeadais san áireamh, agus an cumas atá ag an gcomhlacht atá i gceist chun an ábaltacht riachtanach teanga a fhorbairt nó rochtain a fháil ar an ábaltacht sin.

Tá an scéim seo ag teacht le prionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus lenár gCairt do Chustaiméirí. Cuireadh le chéile í agus é ar intinn againn a chinntiú go dtabharfar aghaidh ar gach oibleagáid ábhartha faoi **Acht na dTeangacha Oifigiúla** de réir a chéile agus go hiomlán, a bhuí leis an scéim seo agus scéimeanna eile amach anseo.

1.3 Dáta Tosaigh na Scéime

Dheimhnigh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an Scéim seo. Tiocfaidh sí i bhfeidhm le héifeacht ó **19 Bealtaine 2020** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe, cibé acu is déanaí.

CAIBIDIL 2: FORBHREATHNÚ AR AN NTA

2.1 Misean agus Cuspóirí

Is é ár Misean an sciar den taisteal a dhéantar ag úsáid iompair inbhuanaithe ar fud na tíre a mhéadú mar seo a leanas:

1. Seirbhísí iompair phoiblí sábháilte, tarraingteacha agus ar ardchaighdeán a rialáil agus a sholáthar.
2. A chinntiú go ndéantar córas comhtháite agus inrochtana iompair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
3. Cabhrú le beartas pleanála agus infheistíochta maidir le hiompar agus úsáid talún a chomhtháthú; agus
4. An dearcadh faoi iompar poiblí a fheabhsú agus feasacht faoi iompar poiblí a spreagadh,

ar bhealach a thacaíonn le beartais rialtais agus a thugann tús áite do agus a chuireann le forbairt eacnamaíoch, inbhuanaitheacht chomhshaoil agus comhtháthú sóisialta sa Stát.

Tá ár gcuspóirí straitéiseacha leagtha amach inár **Ráiteas Straitéise 2018-2022**, atá ar fáil i nGaeilge.

2.2 Príomhfheidhmeanna

Tríd is tríd, is féidir achoimre a dhéanamh ar fheidhmeanna reachtúla an NTA faoi láthair mar seo a leanas;

Náisiúnta

- Seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar trí mheán conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí;
- Ticéadú, táillí agus líonra comhtháite iompair phoiblí a chur ar fáil;
- Eolas comhtháite agus inrochtana maidir le hiompar poiblí a fhorbairt;
- Seirbhísí bus poiblí do phaisinéirí a cheadúnú nach bhfuil faoi réir conradh seirbhísí iompair phoiblí;
- An Clár um Iompair Tuaithe agus struchtúr na nAonad Comhordaithe Iompair a thiocfaidh ina ndiaidh a bhainistiú;
- Bonneagar agus flíteanna bus agus scéimeanna agus áiseanna rothaíochta a sholáthar;
- Branda aonair iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creat rialála a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl maidir le rialú agus oibriúchán feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe;
- Aighneachtaí reachtúla faoi Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha a ullmhú;
- Sonraí staitistiúla agus faisnéis faoi chúrsaí iompair a thiomsú;
- Na cearta a thugann an AE do phaisinéirí a fhorfheidhmiú i gcás iompair iarnróid, agus iompar ar muir agus iompar ar bhusanna agus cóistí;

- Bailíochtú a dhéanamh ar údaruithe an AE agus foirmeacha turais maidir le taisteal bus agus cóiste i gcomhréir le **Rialachán an AE Uimh. 1073/2009**; agus
- Feidhmiú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhíse dola leictreonaí.
- Rialú a dhéanamh ar chlampáil feithiclí

Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

- Tabhairt faoi phleanáil straitéiseach iompair;
- Infheistíocht a dhéanamh sa bhonneagar iompair phoiblí go léir; agus
- Bainistíocht éifeachtach a fhorbairt maidir le héilimh thráchtá agus iompair.

Feidhmeanna Eile

Chomh maith lena fheidhmeanna reachtúla, tugann an NTA faoi roinnt feidhmeanna freisin thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn neamhreachtúil. Áirítear leis na feidhmeanna neamhreachtúla:

- Tionscadail inbhuanaithe iompair sna cathracha réigiúnacha - Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge - a phleanáil agus a mhaoiniú;
- Clár na nIonad Oibre Taistil níos Cliste agus na gCampas Taistil níos Cliste a riaradh;
- An Clár Taistil Scoileanna Glasa a bhainistiú; agus
- Maoiniú inrochtaineachta a chur ar fáil d'oibreoírí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile.

2.3 Eochairsheirbhísí

Den chuid is mó, is féidir na seirbhísí poiblí a chuireann an NTA ar fáil a roinnt ina dtrí phríomhchuid mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas. Déantar cur síos sa tábla ar phríomhúsáideoírí na seirbhísí sin chomh maith.

Nádúr na Seirbhíse	Seirbhís a Chuirtear ar Fáil	Custaiméirí agus Cliaint
Modhanna inbhuanaithe iompair a chur chun cinn (siúl, rothaíocht, iompar poiblí)	Seirbhísí a fhorbairt chun tacú le hiompar inbhuanaithe (eolas fíor-ama do phaisinéirí, Pleanálaí Turais Náisiúnta, Pleanálaithe Rothaíochta, cárta Leap); Eolas faoi iompar poiblí a chur ar fáil (m. sh. ar shuíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, aipeanna);	Bíonn tionchar díreach aige seo ar an bpobal taistil mar go gcuirtear faisnéis suas chun dáta ar fáil dóibh faoi sheirbhísí iompair phoiblí. Cuireann an cárta Leap bealach níos áisiúla, níos sábháilte agus níos saoire ar fáil chun táillí iompair phoiblí a íoc.

	Iompar poiblí a chur chun cinn (m. sh. ar na meáin shóisialta, le fógraíocht, srl.)	
Nádúr na Seirbhíse	Seirbhís a Chuirtear ar Fáil	Custaiméirí agus Cliaint
Seirbhísí iompair phoiblí a rialú (bus, iarnród agus feithiclí beaga seirbhíse poiblí)	A chinntiú go soláthraítear seirbhísí iompair phoiblí i gcomhréir le forálacha conarthaí nó rialachán. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go soláthraíonn cuideachtaí iompair poiblí agus príobháideacha araon seirbhísí iompair phoiblí.	Den chuid is mó, bíonn tionchar aige seo ar úsáideoirí gnó, is é sin oibreoirí iompair phoiblí (lena n-áirítear oibreoirí feithiclí beaga seirbhíse poiblí) nach mór dóibh cloí leis na ceanglais ábhartha.
Bonneagar inbhuanaithe iompair a sholáthar (siúl, rothaíocht, iompar poiblí)	Soláthar tionscadal bonneagair iompair phoiblí a phleanáil agus a bhainistiú.	Den chuid is mó, bíonn tionchar aige seo ar bhaill foirne a oibríonn in údaráis áitiúla, oibreoirí iompair, grúpaí ionadaíochta. Ach dar ndóigh, tá leas ag an bpobal i bpleanáil agus soláthar bonneagar iompair phoiblí. Déantar an leas pobail sin a éascú go príomha trí chomhairliúcháin phoiblí spriocdhírthe a dhéanamh.

2.4 Custaiméirí agus Cliaint

Féach an tábla thuas.

CAIBIDIL 3: SEIRBHÍSÍ ATÁ Á SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN AN BHÉARLA AGUS SA DÁ THEANGA

Sonraí maidir leis na seirbhísí atá á soláthar faoi láthair i mBéarla agus sa dá theanga, Gaeilge agus Béarla; **seirbhísí i gceantair Ghaeltachta san áireamh.**

Soláthar Reatha na Seirbhísí;

Seirbhísí (Ginearálta)	I mBéarla amháin	Sa dá theanga, Béarla agus Gaeilge
Taispeántí eolais fíor-ama do phaisinéirí ag stadanna bus	Níl.	Tá. Cuireadh tús le heolas fíor-ama do phaisinéirí (RTPI) a rolladh amach ag stadanna bus go déanach in 2010.
Fógraí ar bord	Níl.	Tá. Mar gheall ar mhaoiniú an NTA le haghaidh busanna nua a cheannach agus an flít busanna atá ann a uasghrádú, rinneadh soláthar fógraí faoin gcéad stad eile (atá le cloisteáil agus le feiceáil) a éascú do phaisinéirí. Tugtar na fógraí sin, a aithníonn na stadanna bus ar an mbealach bus atá á úsáid, i nGaeilge agus i mBéarla.
Cártaí Eolais le haghaidh Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV)	Níl.	Tá. Bíonn cártaí eolais do phaisinéirí SPSV, a chuireann eolas fiúntach ar fáil do phaisinéirí tacsáí, hacnaí agus limisín faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí, cártaí nach mór a chur ar taispeánt i ngach SPSV mar choinníoll ceadúnaithe, i nGaeilge agus i mBéarla.
Eolas ag stadanna bus	Níl.	Tá. Faoi láthair, tá eolas ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge maidir le hamanna teachta agus imeachta.
Líne Eolais SPSV	Níl.	Tá. Is féidir le baill den phobal agus baill den tionscal teagmháil a dhéanamh leis an Líne Eolais SPSV. Tá saoráid teagmhála dhátheangach ar fáil ón Líne, atá á hoibriú ag tríú páirtí faoi chonradh.
Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta	Níl.	Tá na comharthaí bordála agus an t-eolas ag stadanna bus le haghaidh seirbhísí bus Local Link ar fáil i nGaeilge.
Clampáil Feithiclí	Níl.	Tá. Tá na ticéid agus na greamáin a chuireann fíneálacha in iúl do chiontóirí ar taispeánt i mBéarla agus i nGaeilge araon.

CAIBIDIL 4: SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ GAEILGE A FHEABHSÚ

Modhanna cumarsáide leis an bpobal		Gealltanais	
Fógraí Taifeadta Béil		<p>Beidh na fógraí taifeadta béil seo a leanas i nGaeilge nó sa dá theanga:</p> <ol style="list-style-type: none"> Fógraí taifeadta béil ar an bhfón nuair atá oifigí an chomhlachta phoiblí dúnta; Fógraí taifeadta béil atá á seachadadh ar chóras fógartha poiblí; Fógraí taifeadta béil a chruthaítear agus a sheachadtar ar chóras teachtaireachta ríomhairithe nó córas freagartha teileafóin ríomhairithe; <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí ‘taifeadta’ seachas ‘fógraí beo’.</p> <p>Sa chás ina bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, tá dualgas ar chomhlacht poiblí úsáid a bhaint as an leagan Gaeilge den logainm a bheidh sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta béil a dhéanann an comhlacht nó a dhéantar thar a cheann.</p>	Éigeantach
Cumarsáid Scríofa	Litreacha agus Ríomhphoist	Tabharfar freagra scríofa ar gach cumarsáid sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é.	Éigeantach
	Stáiseanóireacht	Beidh ceannteidil stáiseanóireachta, lena n-áirítear páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, bileoga cumhdaigh facs, clúdaigh chomhaid agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh, ar fáil i nGaeilge nó sa dá theanga.	Éigeantach
Comharthaí		Ní mór do gach comhartha a chuireann comhlacht poiblí ar fáil nó a chuirtear ar fáil thar a cheann a bheith i nGaeilge nó sa dá theanga, de réir na rialachán (I.R. Uimh. 391/2008) .	Éigeantach

Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar doiciméid ina leagtar amach tograí beartas poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise foilsithe i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	Ciorcláin/ Coir Phoist	Sa chás ina ndéanann comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó ar ríomhphost leis an bpobal i gcoitinne nó le cuid den phobal i gcoitinne ar mhaithe le faisnéis a thabhairt don phobal nó don chuid sin den phobal, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge a bheidh an chumarsáid nó i mBéarla agus i nGaeilge.	Éigeantach
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Bainfidh an comhlacht poiblí úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta i gcomhréir leis an reachtaíocht.	Éigeantach

An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Is é an cuspóir atá ag scéim teanga an NTA leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas chun seirbhísí atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Ach tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta cheana féin. Rinneadh cur síos sa chaibidil roimhe seo ar na bearta suntasacha atá i bhfeidhm cheana féin chun úsáid na Gaeilge a leathnú maidir le seirbhísí iompair phoiblí. Is bealaí praiticiúla agus dearfacha iad sin chun éileamh ar sheirbhísí i nGaeilge ón bpobal i gcoitinne a shásamh.

Is cosúil go dtacaíonn formhór na bhfreagraí a fuarthas inár gcomhairliúchán poiblí le bearta praiticiúla eile den chineál céanna chun úsáid na Gaeilge a leathnú ar mhaithe le húsáideoirí iompair phoiblí. Chun é sin a bhaint amach, cuirfear ar fáil “fógraí buana agus ó bhéal ar gach seirbhís iompair” agus “suíomhanna gréasáin agus modhanna áirithinte ticéad” sa dá theanga.

Is iad seo a leanas na príomhréimsí ina bhfuil ról ag an NTA i dtaca leis sin:

1. Eolas faoi iompar poiblí a chur ar fáil; agus
2. Ticéid iompair phoiblí agus seirbhísí tacaíochta comhtháite (Cárta Leap) a chur ar fáil.

Modhanna Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanas	Sceideal
Cumarsáid Scríofa/Ó Bhéal	Fáiltiú	<p>Ní fhostaíonn an NTA fáilteoir. Bíonn baill foirne slándála, a chuireann gnólacht slándála ar fáil faoi chonradh leis an NTA, i limistéar fáiltithe an NTA.</p> <p>Scaipeadh treoir ar an bhfoireann ina bhfuil na beannachtaí bunúsacha i nGaeilge, chomh maith le liosta de na cainteoirí Gaeilge san NTA atá sásta labhairt le cuairteoirí ag ár gceanncheathrú ar mian leo Gaeilge a labhairt.</p> <p>Cuirfidh an NTA bunchúrsaí agus cúrsaí dul chun cinn sa Ghaeilge ar fáil do dhaoine atá díreach tar éis tosú ag obair nó do bhaill foirne atá ann cheana chun feabhas a chur ar scileanna Gaeilge laistigh den NTA.</p>	Tacófar leis sin ar bhonn leanúnach
	Seirbhís Chuntair/Aghaidh ar Aghaidh	<p>Ní chuireann an NTA aon seirbhísí cuntair ar fáil don phobal i gcoitinne.</p> <p>Sa chás ina bhfuil seirbhís chuntair nua ag teastáil, beifear réidh seirbhísí a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus trí mheán an Bhéarla.</p> <p>Scaipfear liosta de na baill foirne a labhraíonn Gaeilge agus atá sásta labhairt leis an bpobal i nGaeilge.</p>	Ar Siúl
	Lasc-chlár	<p>Is iad oibreoirí teileafóin an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Rinneamar cinnte de go gcuireann siad ainm na heagraíochta i láthair i nGaeilge (sa chás nár cuireadh fógraí</p>	Ar Siúl

Cumarsáid Scríofa/Ó Bhéal		<p>taifeadta ó bhéal ar fáil cheana féin).</p> <p>Cuirtear liosta ar fáil do na hoibreoirí de na baill foirne a labhraíonn Gaeilge (má tá siad ar fáil) atá ainmnithe chun glaoch a fhreagairt ó chainteoirí Gaeilge agus chun tacú leo an duine teagmhála cuí a aithint.</p> <p>Cuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil d'aon oibreoir a bhfuil suim aige/aici inti, ag an mbunleibhéal agus ag ardleibhéal.</p>	
	Cumarsáid Teileafóin leis an bPobal	<p>Faoi láthair, tá liosta na mball foirne a labhraíonn Gaeilge agus atá sásta í a labhairt scaipthe ar gach ball foirne a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu chun labhairt le baill den phobal a labhraíonn Gaeilge.</p> <p>Cuirfear bunchúrsaí agus cúrsaí dul chun cinn oiliúna sa Ghaeilge ar fáil go réidh do gach ball foirne atá sásta labhairt le daoine den phobal a bhfuil seirbhísí i nGaeilge á n-iarraidh acu.</p> <p>Déanfaidh an NTA scrúdú breise ar cé chomh hindéanta is a bheadh sé baill foirne a labhraíonn Gaeilge agus oiliúint i nGaeilge a chur i bhfeidhm i dtaca leis an ionad do chustaiméirí Cárta Leap.</p> <p>Tugtar spreagadh do bhaill foirne aonair fógraí glórphoist teileafóin a fhágáil i nGaeilge, más féidir.</p>	<p>Ar Siúl</p> <p>Ar Siúl</p> <p>Láithreach</p>
	Fógraí Taifeadta Béil	Leanfaidh an NTA de mhaoiniú a chur ar fáil chun fógraí	Leanúint den chlár a rolladh amach

		dátheangacha béil agus amhairc a sholáthar ar sheirbhísí iompair phoiblí fóirdheonaithe agus ar thaispeántí eolais fíor-ama do phaisinéirí.	áit a cheadóidh an maoiniú atá ar fáil dó sin.
	Fógraí Beo	Ní bhaineann sé sin leis an NTA.	
	Bróisiúir/ Bileoga Faisnéise	Seasamh leis an bprionsabal agus é a chur chun cinn go mbeidh gach amchlár, bileog agus bróisiúir a bhaineann le hiompar poiblí agus a scaipeann an NTA ar an bpobal ar fáil sa dá theanga. D'fhoilsigh agus scaip an NTA bileoga dátheangacha a bhaineann leis an dara babhta den athdhearadh líonra agus bróisiúir dhátheangacha a bhaineann le conairí bus lárnacha ar 29 ceantar áitiúil agus 16 chonair le linn 2019. D'eisigh an NTA fógraí i nGaeilge sna meáin chun BusConnects, chomh maith le comhairliúcháin phoiblí maidir lena athdhearadh, a chur chun cinn. Cuirfimid an cur chuige sin i bhfeidhm i dtaca le gach mórthionscadal a dtabharfaidh an NTA faoi amach anseo.	Ar Siúl Ar Siúl
Na Meáin	Preaseisiúintí	Leanfar ar aghaidh preaseisiúint dhátheangach, ina bhfógraítear forbairtí nuachta, eolas faoin tionscal nó tionscnaimh nua, a chur amach gach ráithe mar leagan Gaeilge agus leagan Béarla araon. Tiocfaidh feabhas breise air sin nuair a chuirfear amach iad gach coicís. Cuirfear amach preaseisiúint dhátheangach gach mí.	Ar Siúl Ar Siúl

		<p>Coinneoidh Cumarsáid Chorporáideach taifead de na baill foirne a bheidh ábalta tabhairt faoi agallaimh theilifíse agus raidió trí mheán na Gaeilge. Mura bhfuil ceann de na baill sin i láthair, déanfaidh an NTA ball foirne a uascailiú chun dul i dteagmháil leis na meáin Ghaeilge.</p>	
	Eile – Na Meáin Shóisialta	<p>Tá méadú ag teacht go fóill ar thábhacht na meán sóisialta mar mhodh cumarsáide fíorama le custaiméirí. Déanfaidh an NTA scrúdú ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge ar chuntais meán sóisialta amhail Twitter agus Facebook. Bainfidh an NTA a sprioc chun postáil amháin, ar a laghad, a dhéanamh i nGaeilge ar gach ardán gach seachtain amach.</p> <p>Déanfaidh an NTA postáil amháin i nGaeilge gach mí ar Twitter, ár bpríomhardán meán sóisialta.</p> <p>Déanfaidh an NTA postáil amháin i nGaeilge gach mí ar gach ceann dár n-ardáin meán sóisialta chomh maith.</p> <p>Postáil amháin gach seachtain a dhéanamh i nGaeilge ar gach ceann dár n-ardáin.</p>	<p>Ar Siúl</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 2</p>
	Ríomhphost	<p>Baill foirne a aithint atá ábalta freagairt ar ríomhphost i nGaeilge ar an gcaighdeán céanna leis an mBéarla.</p>	Ar Siúl

		Faoi láthair, tá na buntásca slándála ar gach ríomhphost a eisítear ón NTA i nGaeilge agus i mBéarla araon, agus cuirfear aon nuashonrú air sin ar fáil sa dá theanga.	Ar Siúl
Teicneolaíocht Faisnéise	Suíomhanna gréasáin	<p>Cuireadh i gcrích aidhm an NTA chun suíomh gréasáin dátheangach a dhéanamh den suíomh gréasáin Transport for Ireland. (www.transportforireland.ie)</p> <p>Cuireann an suíomh gréasáin seo eolas ar fáil maidir le seirbhísí iompair phoiblí don phobal taistil, agus tugtar 700,000 cuairt air gach bliain.</p> <p>Ó thaobh ardán dátheangach a dhéanamh den suíomh gréasáin Local Link, rinneadh an-dul chun cinn agus tá súil againn go mbeidh suíomh gréasáin ann d'úsáideoirí seirbhíse a bheidh aistriú go hiomlán go Gaeilge. (www.localink.ie)</p> <p>Achoimre a thabhairt ar roghanna a bhaineann le suíomh gréasáin a fheidhmíonn go dátheangach a dhéanamh den suíomh gréasáin Cárta Leap. (www.leapcard.ie)</p> <p>Aithris a dhéanamh ar an suíomh gréasáin www.transportforireland.ie agus an suíomh gréasáin www.nationaltransport.ie a uasdátú mar shuíomh gréasáin dátheangach</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 2</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 3</p>
Teicneolaíocht Faisnéise	Córais Ríomhaireachta	Tá sé de chumas ag ár gcóras próiseála focal an Ghaeilge	Láithreach

		<p>a láimhseáil faoi láthair. Cinnteoidh an NTA go gcoinneofar an cumas sin in aon uasghrádú a dhéantar ar ár gcóras amach anseo.</p> <p>Déanfaidh an NTA infheistíocht i mbogearraí Aistriúcháin Ríomhchuidithe (m. sh. SDL Trados) lena n-úsáid ag an Oifigeach Gaeilge ainmnithe. Cuirfear oiliúint in úsáid na mbogearraí sin ar fáil don Oifigeach Gaeilge chun a chinntiú go n-úsáidfear ríomhaistriúchán (MT) sa tseirbhís seo a oiread agus is féidir.</p>	<p>Faoi dheireadh Bhliain 2</p>
<p>Eile</p>		<p>Córas Eolais Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI)</p> <p>Leanfaidh an NTA ar aghaidh ag cinntiú go bhfuil eolas dátheangach ar fáil ar thaispeántaí RTPI ag stadanna bus de réir mar a chuirtear an scéim ar fáil i réimsí nua (faoi réir an maoiniú a bheith ar fáil).</p> <p>Fógraí faoin gCéad Stad Eile</p> <p>Leanfaidh an NTA ar aghaidh ag cinntiú go mbeidh córais uathoibríthe ar fheithiclí iompair phoiblí a chuireann eolas ar fáil do phaisinéirí faoin gcéad stad eile ar fáil sa dá theanga.</p> <p>Foilseacháin Chorporáideacha</p> <p>Leanfar ar aghaidh de Thuarascáil Bhliantúil, Ráitis Airgeadais agus Ráitis Straitéise an NTA a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla.</p>	<p>Ar Siúl</p>

		<p>Geallann an NTA air féin chomh maith leanúint de gach ceann dá phleananna agus beartais mhóra reachtúla (Straitéis Iompair, Plean Comhtháite Forfheidhmithe agus Plean Straitéiseach Bainistíochta Tráichta) a fhoilsiú i nGaeilge.</p> <p>Beidh gach ábhar nach n-athraíonn ar leathanach baile shuíomh gréasáin an NTA, lena ndéantar cur síos ar struchtúr an NTA, a réimsí beartais agus obair a oibreoirí, ar fáil i nGaeilge.</p> <p>Comhairliúcháin Phoiblí</p> <p>Sa chás ina bhfuil riachtanas reachtúil ann chun dul i gcomhairle leis an bpobal i gcoitinne faoi shaincheisteanna iompair poiblí, foilseofar an fógra poiblí ag tabhairt cuireadh aighneachtaí a chur isteach agus an príomhdhoiciméad comhairliúcháin i nGaeilge agus i mBéarla.</p>	Faoi dheireadh Bhlain 3
Gaeltacht	Iompar Tuaithe	Cuirfidh gach seirbhís áirithe le haghaidh iompar tuaithe in oifigí Local Link i gceantair Ghaeltachta áis ar fáil chun seirbhís a chur in áirithe trí Ghaeilge.	Ar Siúl

CAIBIDIL 5: SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ GAEILGE I GCEANTAIR GHAELTACHTA A FHEABHSÚ

Soláthar seirbhísí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta a fheabhsú agus a chinntiú gurb í an Ghaeilge an teanga oibre a bheidh in oifigí atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta roimh dháta ar leith.

Gealltanais i gCeantair Ghaeltachta

Cur Síos ar Sheirbhís i gCeantair Ghaeltachta	Gealltanais	Sceideal
Seirbhísí Iompair Phoiblí Fóirdheonaithe	<p>Faoi láthair, is iad na Seirbhísí Áitiúla a chuirtear ar fáil ná raon seirbhísí ar leith i gceantair Ghaeltachta i Maigh Eo, Port Láirge, Gaillimh, Ciarraí agus Dún na nGall.</p> <p>Eolas sa dá theanga ar fáil ar líne agus as líne maidir le gach seirbhís i gceantair Ghaeltachta, amchláir, póstaer, foirmeacha iarratais iompair, ábhair bholscaireachta san áireamh.</p> <p>Tá seirbhís do chustaiméirí ar fáil do phaisinéirí a chónaíonn i gceantair Ghaeltachta chun go mbeidh siad ábalta seirbhísí a chur in áirithe i nGaeilge</p>	Faoi dheireadh Bhliain 2

CAIBIDIL 6: FEABHAS A CHUR AR CHUMAS TEANGA

6.1 Earcaíocht

Beidh earcaíocht foirne ag a mbeidh an cumas cuí sa Ghaeilge i ngach réimse oibre den NTA ar an bpríomhbhealach chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí trí mheán na Gaeilge. Tabharfaidh ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata atá comhaontaithe maidir le nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta, aird ar an riachtanas chun cumas Gaeilge a fheabhsú de réir a chéile. Cuirfear pacáiste ionduchtaithe ar fáil do gach ball foirne nua ina mbeidh cóip dár scéim comhaontaithe chun a chinntiú go gcuirfear iad ar an eolas maidir lenár ngealltanais faoin reachtaíocht.

6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá an NTA tiomanta do dheiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne chun freastal ar chúrsaí oiliúna creidiúnaithe cuí sa Ghaeilge, de réir mar a chuireann na hacmhainní ar ár gcumas é sin a dhéanamh. Cuirfear na baill foirne ar fad ar an eolas faoi na háiseanna/na deiseanna atá ar fáil chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Sceideal
Feabhas a Chur ar Chumas Gaeilge	Earcaíocht/ionduchtú	<p>Cuireann an NTA foirmeacha iarratais do phoist ar fáil i nGaeilge.</p> <p>Nuair a fhreastalaíonn iontrálaithe nua ar oiliúint ionduchtaithe, cuirtear ar an eolas iad maidir leis na hoibleagáidí atá ar gach ball foirne faoi Acht na dTeangacha 2003 agus ar na gealltanais a rinneadh i Scéim Ghaeilge na Roinne.</p> <p>Déanfaidh an NTA fiosrú i dtaobh arbh fhéidir baill foirne tiomnaithe a earcú, ball foirne ar a mbeadh sé de chúram tacaíocht a chur ar fáil maidir le gnéithe Gaeilge d'obair an Údaráis.</p>	<p>I bhfeidhm</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 1</p> <p>Faoi dheireadh Bhliain 3</p>

	Oiliúint	Cuirfidh an NTA cúrsaí oiliúna struchtúrtha sa Ghaeilge ar fáil do bhaill foirne. Déanfar é sin lena chinntiú go bhfuil scileanna Gaeilge scaipthe ar fud na heagraíochta.	Ar Siúl
	Rannpháirtíocht i nGníomhaíochtaí chun an Teanga a Chur Chun Cinn/ Soláthar Acmhainní	Leanfaimid orainn de pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn, amhail Seachtain na Gaeilge, ar na meáin shóisialta, le preaseisiúintí, le himeachtaí don fhoireann, srl.	Ar Siúl

Cumas sa Ghaeilge

Ag féachaint do bheartas an Rialtais chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí i nGaeilge, leanfaidh an NTA d'aon phoist a aithint a bhfuil cumas sa Ghaeilge ina riachtanas éigeantach. Rinneadh gach iarracht chun na riachtanais sin a chomhlíonadh agus aird á tabhairt ar bheartais earcaíochta, ardaithe céime agus oiliúna, de réir mar is cuí. Cuireann sé sin ar chumas an NTA pleanáil a dhéanamh agus tús áite a thabhairt d'fheabhas a chur ar na seirbhísí Gaeilge de réir a chéile agus ar bhealach níos straitéisí. Faoi láthair, cuireann an NTA na riachtanais sin i gcrích ar an mbealach seo a leanas;

- Oifigh Gaeilge ainmnithe a bhfuil sé de chumas acu teagmháil a dhéanamh le custaiméirí agus gnólachtaí trí mheán na Gaeilge.
- An t-eolas is déanaí agus eolas nua faoin Údarás a phostáil i mBéarla agus i nGaeilge.
- Oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil do bhaill foirne ag bunleibhéal faoi láthair. É sin ráite, tá sé tiomanta do chúrsaí ardleibhéil a chur ar fáil.
- Foirmeacha iarratais poist i mBéarla agus i nGaeilge a chur ar fáil.

CAIBIDIL 7: MONATÓIREACTH AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh Cinn Rannóga monatóireacht agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na scéime ar bhonn rialta agus tabharfaidh siad aiseolas d'Fhoireann Bhainistíochta an NTA. Is é Dermot O'Gara an duine teagmhála maidir leis an scéim.

Beidh córas foirmiúil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge ar fáil agus déanfar é a thaifeadadh inár dTuarascáil Bhliantúil.

CAIBIDIL 8: SCÉIM CHOMHAONTAITHE A PHOIBLIÚ

Beidh an scéim seo á poibliú go himheánach agus go seachtrach araon, agus úsáidfead preaseisiúint chun é sin a dhéanamh ar dtús. Cuirfead leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus scaipfead é ar gach ball foirne agus ar na gníomhaireachtaí cuí. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as bealaí eile freisin chun an scéim a phoibliú.

Anuas air sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhaíocht laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- Custaiméirí a chur ar an eolas go díreach ar bhonn réamhghníomhach maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeáint i limistéir fáiltithe lena dtugtar le fios na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- Na seirbhísí seo a liostú go feiceálach ar ár suíomh gréasáin;
- Comhartha a chur ar threoirínthe, bileoga agus foirmeacha iarratais roghnaithe le tabhairt le fios go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil na doiciméid sin sa dá theanga cheana féin;
- An bhéim chéanna a leagan ar ábhair i nGaeilge agus i mBéarla.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

AGUISÍN 1 – PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

De réir fhorálacha **Alt 13 (1)(a)** den Acht 2003, d'fhoilsigh an NTA fógra dátheangach san Irish Independent agus ar Tuairisc.ie an 16 Meán Fómhair 2015 go raibh sé i gceist aige dréachtscéim a ullmhú. Tugadh cuireadh san fhógra do pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh faoin 19 Deireadh Fómhair 2015 maidir le hullmhú na dréachtscéime. Rinneadh iarrataí ar aighneachtaí freisin ar leathanaigh Twitter agus Facebook an NTA.

Fuarthas 11 freagra ar leith san iomlán. Moladh i 10 gcinn díobh sin go n-úsáidfí Gaeilge ar gach seirbhís agus go dtosófaí leis na seirbhísí sin is minice a úsáidtear, ach go háirithe fógraí buana agus fógraí béil ar gach seirbhís iompair, chomh maith le suíomhanna gréasáin agus áirithintí ticéad. Moladh san aighneacht eile gur chóir don scéim díriú ar dtús ar phreaseisiúintí agus suíomhanna gréasáin a aistriú chomh maith le feidhm caidreamh poiblí dátheangach a fhorbairt a bheadh in ann dul i dteagmháil go díreach leis na meáin Ghaeilge. Cuireadh na haighneachtaí sin san áireamh le linn dúinn an dréachtscéim a ullmhú.

Sheol an Príomhfheidhmeannach ríomhphost chuig foireann an NTA freisin chun cuireadh a thabhairt dóibh aighneachtaí a dhéanamh. Cuireadh leis sin le suirbhé ar líne don foireann chun eolas a bhailiú faoin éileamh ar Ghaeilge ó úsáideoirí seirbhíse, líon na gcainteoirí Gaeilge, srl, san NTA.

Fuarthas líon maith freagraí ar an suirbhé. Fuarthas 50 freagra ar leith san iomlán. Is iad seo a leanas príomhthorthaí an tsuirbhé:

- Phlé 7 mball foirne le fiosrú i nGaeilge sa 12 mhí roimhe sin;
- Is buneolas ar an nGaeilge atá ag formhór na foirne nó níl eolas ar bith acu uirthi;
- Chuir 18 mball foirne in iúl gur chinnte go mbeadh suim acu in oiliúint sa Ghaeilge a fháil; agus
- Chuir 15 bhall foirne in iúl go mbeadh suim acu a bheith ina d(h)uine teagmháil maidir le fiosruithe i nGaeilge dá gcuirfí an oiliúint chúí ar fáil.
- Moladh i roinnt freagraí go bhféadfaí seirbhís Ghaeilge an NTA a fheabhsú den chuid is mó trí oiliúint i nGaeilge a chur ar fáil agus leaganacha Gaeilge de shuíomhanna gréasáin an NTA a chur ar fáil.